# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2023/1527 ÓN gCOMHAIRLE

**an 20 Iúil 2023**

**lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv * agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1135**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33 agus Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Feabhra 2008, chomhaontaigh an Chomhairle Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) sa Chosaiv a cheapadh.

(2) An 30 Iúil 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1135 ([1]), lena gceaptar Tomáš SZUNYOG mar ISAE sa Chosaiv. Cuireadh síneadh le sainordú ISAE le Cinneadh (CBES) 2021/1194 ([2]) ón gComhairle agus tá sé le dul in éag an 31 Lúnasa 2023.

(3) Ba cheart síneadh 12 mhí breise a chur le sainordú ISAE, agus ba cheart méid tagartha airgeadais nua a bhunú don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 31 Lúnasa 2024.

(4) Cuirfidh ISAE an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1135 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

**Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh**

Cuirtear síneadh le sainordú Tomáš SZUNYOG mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) sa Chosaiv go dtí an 31 Lúnasa 2024. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh go ndéanfar sainordú ISAE a fhoirceannadh níos luaithe, bunaithe ar mheasúnú ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála agus ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an tArdionadaí).';

* Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

([1]) Cinneadh (CBES) 2020/1135 ón gComhairle an 30 Iúil 2020 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (IO L 247, 31.7.2020, lch. 25).

([2]) Cinneadh (CBES) 2021/1194 ón gComhairle an 19 Iúil 2021 lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1135 (IO L 258, 20.7.2021, lch. 48).

(2) cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 5(1):

'Is é EUR 2 850 000 an méid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann le sainordú ISAE don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 31 Lúnasa 2024 a chumhdach';

(3) in Airteagal 14, cuirtear an méid a leanas in ionad an dara habairt:

'Cuirfidh ISAE tuarascálacha tráthrialta maidir le dul chun cinn faoi bhráid na Comhairle, an Ardionadaí agus an Choimisiúin, agus le tuarascáil chuimsitheach chríochnaitheach ar chur chun feidhme an tsainordaithe faoin 31 Bealtaine 2024.'

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Iúil 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES